

# ☘ An Lúibín ☘

13 Aibreán 2024

## Teagasc lán-Ghaeilge ag teastáil

*The number of Irish students learning through Irish should have increased in accordance with demand; instead, it has remained static. And fluent teachers are not always easy to find.*

Bhí píosa le léamh ar *Tuairisc* le déanaí faoin tuarascáil ‘Táscairí Oideachais d’Éirinn 2023’ a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais. Deir sí nár tháinig méadú le trí bliana anuas ar chéatadán na ndaltaí a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge. Laghdaigh líon na mbunscoileanna lán-Ghaeilge ó 252 go dtí 249 idir 2021-22 agus 2022-23. Níl ann ach caoga iarbhunscoil lán-Ghaeilge go fóill. Is éard ba chúis leis an laghdú ar an méid bunscoileanna dhá bhunscoil Ghaeltachta a dhúnadh agus beirt eile a chónascadh. Dá ainneoin seo, tá éileamh mór i gcónaí ar oirdeachas lán-Ghaeilge, agus feachtais ar siúl i sé cheantar chun coláistí lán-Ghaeilge a bhunú.

I bhfocail Bhláthnaid Ní Ghréacháin, Príomhfheidhmeannach na heagraíochta Gaeloideachas, mar a tuairiscíodh: ‘Ag leibhéal na bunscoile, ní bhunaítear scoileanna nua ach de réir fás déimeagrafach, seachas a bheith bunaithe ar an éileamh ar an tumoideachas, agus mar a chéile é ag leibhéal na hiarbhunscoile, ach go bhfuil castacht sa bhreis ansin mar go mbíonn an Roinn Oideachais ag brú aonaid in áit scoil nua neamhspleách, réiteach nach sásaíonn mianta na dtuismitheoirí dá bpáistí.’

Ní mór a admháil go bhfuil fadhbanna ann. Mar a dúradh anseo minic go leor, tá múinteoirí líofa gann, agus tá sin ag cur as do scoileanna lán-Ghaeilge agus do scoileanna lán-Bhéarla araon. Ní foláir do mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge an teanga a bheith ar a dtoil acu agus ábhair dhifriúla á dteagasc acu. Agus ní leor an líofacht féin; tá foghraíocht chruinn ag teastáil chomh maith – fadhb is deacra a fhuascailt.

Ba í *Tuairisc*, arís, a d’fhoilsigh an scéal (5/12/23) go n-íocfaí deontas saor ó cháin suas le €6,000 le múinteoirí a chuirfeadh feabhas ar a gcuid Gaeilge, faoi scéim a bheartaigh Roinn na Gaeltachta. Luadh an ‘fáinne fí’ a bhí ann agus droch-Ghaeilge acu siúd a théann isteach sna coláistí oiliúna ón scoil agus droch-Ghaeilge acu fós ag fágáil na gcoláistí dóibh. De réir na scéime, dhéanfaí a gcumas Gaeilge a mheas le tástáil TEG, an Teastas Eorpach sa Ghaeilge; chaithfidís tamall de mhionna ansin ag feabhsú a gcuid Gaeilge le cúrsaí agus trí thréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht, agus dhéanfaidís scrúdú TEG arís. D’fhiafraigh duine de na léitheoirí an mbeadh deis ag na múinteoirí sin Gaeilge a úsáid lasmuigh den scoil agus an mbeadh an fhéinmúinín acu sin a dhéanamh. Cén fáth, a dúirt sí, nach mbíonn bliain de Ghaeilge éigeantach ag na coláistí oiliúna agus gach rud déanta tríd an teanga. Maith an cheist.

Idir an dá linn, tá ‘tobar’ na teanga, tobar na líofachta agus na dea-fhoghraíochta, ag dul i ndísc. Dúirt an daonáireamh ba dhéanaí nach labhraíonn ach 20% de phobal na Gaeltachta (20,261 duine) an Ghaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais. Sin daoine atá trí bliana d’aois nó os a chionn. Níl ach cúig Limistéar Pleanála Gaeltachta ann ina labhraíonn breis is leath an phobail an teanga gach lá – Torairigh (69%), Ceantar na nOileán (63%), Oileáin Árann (59%), An Cheathrú Rua (60%), agus Conamara Láir (51%). Dúirt duine de lucht léite *Tuairisc* gurbh ait an scéal é gurbh fhéidir tamall a chaitheamh i gceann de na Gaeltachtaí láidre gan focal Gaeilge a labhairt agus gan í a chloisteáil á labhairt i do thimpeall. Tá obair le déanamh, mar sin, má tá an teanga le teagasc mar is cóir sa chuid eile d’Éirinn.

- <https://tuairisc.ie/easpa-dul-chun-cinn-i-dtaobh-solathair-oideachais-lan-ghaeilge-leirithe-i-dtuarascail-nua/>
- <https://tuairisc.ie/cainteoiri-laethula-gaeilge-ina-mionlach-i-mbeagnach-90-de-cheantair-ghaeltachta/>
- <https://tuairisc.ie/deontas-suas-le-e6000-le-hioc-le-muinteoiri-as-feabhas-a-chur-ar-a-gcuid-gaeilge/>

## Dhá fhíseán Gaeilge

‘Ciúnas,’ scannán gearr faoi lánúin agus a n-iníon.

<https://www.youtube.com/watch?v=cGfuQ-HeTmk>

Leagan beochana de leabhar cáiliúil Flann O’Brien, ‘An Béal Bocht’.

<https://www.youtube.com/watch?v=s67fNln5ZsQ>



## An Chailleach

Trí aois mhóra: aois an iúir, aois an iolair, aois na Caillí Béarra.

# Folk-Lore

TRANSACTIONS OF THE FOLK-LORE SOCIETY

Vol. XXXVIII.]      SEPTEMBER, 1927.      [No. III.

LEGENDS AND TRADITIONS OF THE CAILLEACH  
BHEARA OR OLD WOMAN (HAG) OF BEARE.

BY ELEANOR HULL.

“*Three great ages; the age of the yew tree, the age of the eagle, the age of the Old Woman of Beare (Cailleach Bheara).*”

FEMALE deities play a large part in the early traditions of the Gaelic portions of the British Isles. Among the Gaelic population they are held to be both more numerous and more powerful than the gods. They were in ancient times goddesses of war, delighting in rapine and slaughter; they are still regarded as the builders of mountains, the impersonations of winter, and the harbingers of spring. We find them under various forms; local divinities, like Aine, Cleena (Clíodhna), or Eevill (Aoibhill) in Munster; or goddesses with a widespread cult, like that of Brigit. In later times these same local divinities return as banshees, usually attached to some particular house; or as water-nymphs or Washers at the Ford, foreboding evil; or they are believed to be river-sprites, demanding their tale of human lives, or busy Brownies at the fireside, or the warping and weaving Loireag. Behind these are dimly seen the figures of the Mothers or Mother-Goddesses, from whom

Sin thuas sliocht as alt le Eleanor Hull, duine de mhórscoláirí na Gaeilge, agus í ag cur síos ar bhandéithe na nGael. Áitítear gur bhandia í an Chailleach Bhéarra ar dtús agus go dtugadh sí an geimhreadh léi. I nDaingean Uí Chúis a rugadh í, agus tá baint aici le Béarra i gContae Chorcaí chomh maith. Bhí sí ina máthair nó ina máthair altrama ag roinnt clann ann, amhail Corca Dhuibhne agus Corca Loighdhe. Tá an chéad tagairt scríofa di le fáil sa scéal Meán-Ghaeilge ‘Aislinge Meic Con Glinne,’ mar a bhfuil laoi i dtaobh ochtair in Ard Mhacha agus an rann seo mar chuid di:

Dubh Dá Thuath, ba toghairm nglé,  
ba h-é ainm mic Stéiléne;  
Donn-Fhiach; Cailleach Bhéara bhán;  
Garbh-Dhaire ar Mhac Shamháin.<sup>1</sup>

(*Dubh Dhá Thuath, scairt ghlé, ba é sin ainm mhac Stéiléine; Donn-Fhiach; Cailleach Bhéarra bhán; Garbh-Dhaire a thugtaí ar mhac Shamháin.*)

<sup>1</sup> Aisling Meic Con Glinne: <https://celt.ucc.ie/published/G308002/index.html>

Luaitear samhlacha eile léi: maighdean na hóige agus na húire, an mháthair thorthúil. Tá an Chailleach ina comhartha ar an gcríonnacht agus ar an gclaohlú, folt fada uirthi, súil amháin aici, imir na goirme ar a gcaiceann, agus maide draíochta aici. Deir scéalta áirithe go mbaineann sí bolgam as tobar na hóige i ndeireadh an gheimhridh agus go dtéann sí i riocht mná óige, rud a fhágann gurb í leath eile Bhríd, bandia an tsamhraidh, í. Uaireanta tugtar 'Iníon na Gréine' uirthi, í ag dul i neart, in áilleacht agus in óige de réir mar a lagaíonn an ghrian agus a théann na laethanta i ngiorracht. Deir scéalta éigin go ndéantar carraig den Chailleach lá deiridh an gheimhridh agus nach dtagann sí i riocht daonna arís go Samhain.

Tá baint aici le Ceann Caillí ar Aillte an Mhothair, le Sliabh na Caillí i gContae na Mí agus le hOileán Baoi i mBéarra (bhí Baoi ar cheann de na hainmneacha a bhí uirthi). Chruthaigh sí sléibhte trí chlocha a chaitheamh uaithi, agus bhí sí in ann na sléibhte a léim.



Oileán Baoi  
*Wikimedia Commons*

Deirtí go raibh an Chailleach in ann dul i riocht ainmhithe agus éan; bhí caidreamh ar leith aici le fianna, madraí allta, cait dhubha, eallach fiáin agus gabhair.

Uaireanta luaitear í le breith, bás agus athbhreith. Ó bhí baint aici leis an ngeimhreadh, bhí baint aici freisin leis na barraí, rud a bhfuil a rian ar an mbéaloideas agus cuntas ann ar an gCailleach a bheith ag baint fhéir. Thíolaicfí an phunann dheireanach arbhair don Chailleach i ndeireadh an fhómhair.

Deir scéalta eile go mbailíonn an Chailleach anamacha na marbh agus go mbíonn sí ag dul san fhiach san aer ag grianstad an gheimhridh. Stiúrfadh sí na stoirmeacha le casúr.

Seo scéal as Bailiúchán na Scol, cnuasach ábhair thraidisiúnta a thiomsaigh daltaí as 5,000 bunscoil i Saorstát Éireann idir 1937 agus 1939 faoi choimirce Choimisiún Béaloideas Éireann. Óna dtuismitheoirí, a dtuismitheoirí siúd agus óna gcomharsana a bhailigh siad an t-ábhar. Stiophán Ó Briain as Ceathrú an Bhrúnaigh i gContae na Gaillimhe, fear a bhí dhá bhliain is seasca d'aois, a d'inis an scéal seo, agus thug sé 'An Chailleach Bhéarrach' air. (Athchóiríodh an litriú beagán ach fágadh blas na canúna ar an scéal.)<sup>2</sup>

Bhí bean ann fadó agus 'An Chailleach Bhéarrach' an t-ainm a bhí uirthi. Bhí sí ina cónaí i nGort a' Chalaídh agus bhí draíocht aici. Gach bliain bhíodh sí ag marú fear. D'iarr sí fear ag baint fhéir gach bliain agus mharaigh sí gach ceann acu.

D'iarr sí fear uair agus bhí faitíos mór air go maródh sí é. Bhí an fear seo pósta agus d'insigh sé a scéal dá mhnaoi [dá bhean]. 'Sí an sórt bean a bhí inti ná cailín as Maigh Eo a tháinig ag lorg oibre. Nuair a tháinig sí go dtí an teach seo choinnigh sé féin agus a athair í mar chailín aimsire. Tar éis tamaill phós an fear óg í agus mhair an triúr go sona sásta. Nuair a d'insigh an fear di go raibh an Chailleach Bhéarrach á iarraidh dúirt sise nach mbeadh an Chailleach in ann é a mharú dá ndéanfadh sé an rud a déarfadh sí féin leis.

<sup>2</sup> Dúchas.ie: <https://duchas.ie/ga/cbes/4566078/4565201/4571800?HighlightText=An+Chailleach+&Route=stories&SearchLanguage=ga>

Dúirt sí leis ansin a dhul go Maigh Eo agus bhí gabha ann a raibh an-cháil air. Dúirt sí leis a rá leis an ngabha seo speal a dhéanamh dhó agus fabhairt<sup>3</sup> a chur ann le allas a mhalai agus deich mbior iarainn a dhéanamh dhó.

Bhí go maith, d'imigh leis go dtí an gabha agus nuair a tháinig sé chuige, d'fhiafraigh an gabha dhe cé a chuir chuige é, agus dúirt seisean gur chuir a bhean ann é. D'fhiafraigh an gabha dhe ansin cén fhaid a raibh an bhean aige, agus dúirt sé go raibh sí aige seacht mbliana agus lá, agus gur ag iarraidh obair a bhí sí ar dtús.

'Sin í m'inionsa,' arsa an gabha. 'Tá sí imithe uaim le seacht mbliana agus lá, agus ní fhaca mé ó shin í.'

Ansin rinne an gabha an speal agus bhí an chéad speal déanta aige agus an fhabhairt curtha ann aige. Thriail sé í agus dúirt sé nach raibh aon mhaith leis an speal sin mar bhris sé í. Rinne sé ceann eile agus bhí fabhairt ar an speal leis an allas sin. Chuir sé an oiread uirthi gur léim an t-áibhirseoir amach tríd an bhfuinneog nuair a thriail sé í. Rinne sé na bioranna agus thug sé dhó iad agus d'fhágadar slán ag a chéile agus d'imigh sé abhaile.

Nuair a tháinig sé go dtí a bhean d'insigh sé a chuid eachtraí dhi. Dúirt sí leis a dhul ag baint an fhéir ag an gCailleach nach raibh a chuid fataí ceangailte aige fós, mar dúirt an fear, nuair a iarradh é, go raibh a chuid fataí ceangailte aige mar cheap sé go mbeadh réidh nuair a rachadh sé ag an gCailleach.

D'imigh sé ag baint an fhéir ansin agus chuir an Chailleach amach roimpí fhéin é. Gach seans a gheobhadh sé sháfadh sé bior síos sa bhféar agus bhíodh ar an gCailleach faobhar a chur ar a speal féin go minic agus ar sise: 'Faobhar faobhar a bhainfeadh féar,' agus arsa an fear: 'Ní hea, ach fear breá láidir is speal bhreá ghéar.'

Bhí sé ag cur na mbioranna sa mhóinéar mar sin go raibh siad ar fad curtha ann aige. Faoin am seo bhí an buachaill chomh mear sin ag imeacht go dtáinig sé suas léise agus ghearr sé na cosa dhi, mar sin é an chaoi a bhíodh sí fhéin ag baint na gcosa de na fir a mharaigh sí.

I gcaint na ndaoine tá, ar ndóigh, nathanna eile i dtaobh na gcailleach. Tá an chailleach feasa ann agus í in ann fáistine a dhéanamh; tá an chailleach phiseogach ann – bean asarlaíochta. Is beag an meas atá ar chomhrá cailleach – scéalta gan bhunús. Má chloiseann tú ráfla scanrúil, sin scéal chailleach an uafáis. Tugtar codladh na Caillí Béarra ar chodladh fada. Is ionann cailleach oíche agus ulchabhán.

Cinnté, tá na cailleacha ann; ach taobh thiar díobh tá an Chailleach féin.



## Cúrsaí comhshaoil

### Imirce aeráide i dtíortha saibhre

*We are used to thinking of climate refugees as fleeing from poorer countries. But even in richer countries there will be internal migration.*

Is minic trácht déanta ar na sluaite a dhéanfaidh imirce ó thíortha bochta de bharr an athrú aeráide. Ach ní sna tíortha bochta amháin a fheicfear imirce aeráide. Titfidh an imirce sin amach laistigh de thíortha saibhre chomh maith. Tógaimis dhá shampla: na Stáit Aontaithe agus an Astráil.

I lár na Stát atá an limistéar is ináitrithe sa tír. Is ann, mar shampla, atá na Machairí Móra, príomhréigiún feirmeoireachta. Ach de réir mar a thiocfaidh athrú ar an aeráid, aistreoidh an réigiún cónaithe is fearr ó thuaidh chun meániarthar na tíre agus chun na Lochanna Móra, gar do Detroit agus Chicago. Caillfidh an deisceart an torthúlacht; ní bheidh sa deisceart thiar agus sa deisceart thoir ach limistéar imeallach.

---

<sup>3</sup> Fabhairt = ungadh.

Mar a dúirt taighdeoir amháin, ní hé an t-athrú aeráide ann féin a chuirfidh daoine chun bóthair ach cúrsaí geilleagair. Tiofadh borradh mór faoin ngeilleagar thuaidh agus lagú ar an ngeilleagar theas. Beidh sé deacair maireachtáil sna réigiúin dheisceartacha de dheasca an bhrothail, na hanfaí, agus tuire an talaimh.

Caithfear a chur san áireamh go gcuireann na Stáit Aontaithe méid ollmhór arbhair thar sáile. Sin cineál feirmeoireachta atá ar siúl i lár na tíre faoi láthair, ach beidh ar na feirmeoirí sin tailte nua a aimsiú thuaidh. Comhartha é sin ar na hathruithe mór atá le teacht i gcúrsaí sóisialta agus geilleagair.

San Astráil is é an tuaisceart an réigiún is teo agus é chomh gar sin don teochrios. Beidh drochthoradh air sin. Níos mó ná riamh éiríonn an teocht os cionn caoga céim sa samhradh in áiteanna áirithe, agus beidh sé deacair cónaí in iarthuaisceart na tíre i gceann cúpla scór blianta. Is é an namhaid is measa an bhogthaise: is féidir leat a bheith ag obair amuigh nuair atá sé 35°C, ach má bhaineann an bhogthaise an teocht sin amach nó é a shárú féin beidh tú i mbaol mór. Rachaidh do theocht inmheánach ó smacht agus ní fada uait an bás.

Díreach mar a thréigfidh daoine deisceart na Stát, tréigfidh Astrálaigh tuaisceart agus iarthar a dtíre. Cheana féin tá daoine áirithe ag tabhairt a n-aghaidh ar an áit is faide ó dheas agus is fionnuaire – an Tasmáin. Níl cáil an ratha agus na galántachta ar an áit sin fós, ach níor dhóichí scéal de ná go dtiocfadh bláth éigin uirthi agus an oiread sin daoine oilte ag plódú isteach. Chomh dócha lena athrach, bainfidh Victoria, an dara stát is deisceartaí sa tír agus rath air cheana, tairbhe as an inimirce. Ní hé nach mbíonn an samhradh te go leor sna háiteanna sin, ach is measartha iad ná an chuid eile den tír. Más olc maoil is measa mullóg.

- Éist le Abrahm Lustgarten, tuairisceoir de chuid ProPublica agus údar an leabhair *On the Move*: 'How climate-driven migration could change the face of the U.S.'. Deir sé gur dócha go n-aistroidh na milliúin Meiriceánach agus iad ag éalú ó thinte, éirí na farraige, brothall agus triomach. Tá an nasc le fáil ar leathanach 'Fresh Air,' podchraoladh le Dave Davies:  
[https://www.npr.org/2024/03/26/1239904742/how-climate-driven-migration-could-change-the-face-of-the-u-s?utm\\_medium=email&\\_hsmi=300434863&\\_hsenc=p2ANqtz--WYalXra2D9urRF7hw64c4S5LFtbS4H710PX\\_yZNmkTzILkv13aBTWKXpXKeKvbXqSk3keAwrt-m194JXdUnCwWMj8OQ&utm\\_content=300434863&utm\\_source=hs\\_email](https://www.npr.org/2024/03/26/1239904742/how-climate-driven-migration-could-change-the-face-of-the-u-s?utm_medium=email&_hsmi=300434863&_hsenc=p2ANqtz--WYalXra2D9urRF7hw64c4S5LFtbS4H710PX_yZNmkTzILkv13aBTWKXpXKeKvbXqSk3keAwrt-m194JXdUnCwWMj8OQ&utm_content=300434863&utm_source=hs_email)
- Rachel Williamson, 'Climate refugees are already packing up their bags and heading south,' 31/10/2023, *Cosmos Magazine*: <https://cosmosmagazine.com/earth/climate/climate-refugees-are-already-packing-up-their-bags-and-heading-south/>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

Dán le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

### **Dearmaid**

Sa chruinne eile úd  
ní dhéanfaidh tú  
na dearmaid chéanna

dearmaid nua a dhéanfaidh tú  
is béarfaidh na séasúir

(na séasúir chéanna  
a shiúlann leo anseo)

béarfaidh siad leo a ndearna tú riamh  
is a ndearna do chine

is scéimh an bhlátha i vása  
i gciúnas seomra



Tógadh Julie Breathnach-Banwait le Gaeilge i gCeantar na nOileán i gConamara. Tá trí chnuasach filíochta dá cuid i gcló faoi láthair: *Dánta Póca* (Coiscéim 2020), *Ar Thóir Gach Ní* (Coiscéim 2022) agus *Cnámha Scoilte - Split Bones: Cnuasach Prós-Fhilíochta - A Collection of Prose Poetry* (Bobtail Books 2023). Tá leabhair eile ar na bacáin aici. Seo dhá phrósdán léi.

### **Comhairle**

Sa seomra codlata, lastall den halla, is í ag clupaideach na mbraillíní nite os cionn na leapa, chuir sí comhairle ar a hiníon maidir le guaiseacht a grá nua, á rá léi go meallfadh sé í leis an bhfocal milis úd, is í ag fillleadh isteach na gcúinní, go ndéanfadh sé alpadh uirthi, is í ag slíocán le cúl a bos, ag iarnáil na bhfilltíní amach go coirnéil na leapa. Go sínfeadh sí a croí chuige ar leac óir, go bhféadfadh sé é a roinnt is a dháileadh mar a thogródh sé. Mar sin a bhí sí, ar sí. Ró-oscailte, ró-ghoilliúnach. Seafóideach. Go mbeadh sí ag tógáil a cuid gasúr léi féin, is go mbeadh seisean amú ag fiach, ag sáinnú is ag caitheamh uaidh, is í ag plimpíl na bpillíúr, á ndíriú go réidh in aghaidh chlár cinn na leapa. Bheadh sí cogainte le buairt aigne chráite, a lean sí, ar foluain is amú i saol gan aithne, ag streachailt na mbraillíní go leathan na leapa. Is cé a chuirfeadh suim inti ansin?

Déanann sí seabhrán uaithi, dóite is ag púscadh, a gúna breac le spotaí fola, smionagar srappail sáite ina craiceann. Giorranálaithe ag focail.

Chuirfeadh sí féin suim inti féin ar sí. Is dhéanfadh sí alpadh uirthi féin. Léi féin.

### **Ag cur calóga sneachta dubha i dtaise i mboscaí**

Ag eiteáin is ag scuabadh, tríd an atmaisféar, ó na spéartha dubha, a thagann braillíní ag scaobach, feadáin dhubha ag iomlasc. I mo bhos a shuíonn siad, grabhróga de sheanscéalta is cuimhní, peiteal de chriostal dubh leac oighir, lása calóga ag leá is ag tréigean i gclaiseanna mo bhos ardaithe, ag sciorradh idir mo mhéara is ag triomú sular mbuaileann siad an talamh. Is glanaim ó mo phillíúr iad istoíche is

cuirim i dtaisce iad i mboscaí adhmaid, chun a dtionchar a reo, iad fliuch is i bpúdar, greallach ag glioscarnach sa dorchadas.

Cuirim go leataobh iad sna seomraí úd leis na ballaí dubha agus téim ar thóir a gcomhludair ar laethanta folamh an tsamhraidh, chun a bpluid dhubhach a chuachadh trasna mo bhrollaigh.

Lá éigin, ardóidh mé liom iad is scaoilfidh mé saor iad, go slogfar iad is go sciorrfaidh siad gan gíog síos ar chúl na bhfarraigí le bá na gréine.